C/2026/1461

6.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12302 — EPH / TTE / EFG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1461)

1. An 25 Feabhra 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Energetický a průmyslový holding, a.s. ('EPH', an tSeicia), faoi rialú Daniel Křetínský,

— TotalEnergies SE ('TTE', an Fhrainc),

— EP Produzione S.p.A. (an Iodáil), EP NL B.V. (an Ísiltír) agus EP UK Investments Ltd (an Ríocht Aontaithe) (le chéile, 'eintitis an chomhfhiontair'), faoi rialú EFG Holding B.V. ('EFG', an Ísiltíre).

Gheobhaidh EPH agus TTE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar EFG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir straitéiseach fadtéarmach in earnáil an fhuinnimh é EPH,

— Is cuideachta fuinnimh chomhtháite dhomhanda é TTE a tháirgeann agus a mhargaíonn fuinneamh: ola agus bithbhreoslaí, gás nádúrtha, bithghás agus hidrigin ísealcharbóin, foinsí fuinnimh in-athnuaite agus leictreachas.

3. Is meán sainchuspóireach é EFG a bunaíodh mar chuideachta sealbhaíochta chun úinéireacht a bheith aici ar bhunanna urlámhais in eintitis an chomhfhiontair atá gníomhach sa ghnó fuinnimh atá dírithe go príomha ar ghiniúint sholúbtha cumhachta san Iodáil, san Ísiltír, i bPoblacht na hÉireann, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc, agus chun na bunanna urlámhais sin a bhainistiú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12302 — EPH / TTE / EFG

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË